

Leasú 2

Michael Kauch, Joachim Schuster, Markus Ferber, Engin Eroglu, Jan-Christoph Oetjen, Moritz Körner, Svenja Hahn, Thomas Rudner, Dietmar Köster, Jens Geier, Gabriele Bischoff, Karsten Lucke, Udo Bullmann, Bernd Lange, Birgit Sippel, René Repasi, Tiemo Wölken, Petra Kammerevert, Matthias Ecke, Peter Liese, David McAllister, Rainer Wieland, Norbert Lins, Peter Jahr, Dennis Radtke, Hildegard Bentele, Marlene Mortler, Sven Simon, Markus Pieper, Niclas Herbst, Ralf Seekatz, Michael Gahler, Karolin Braunsberger-Reinhold, Marion Walsmann, Christian Ehler, Christian Doleschal, Christine Schneider, Daniel Caspary, Manfred Weber, Angelika Niebler, Monika Hohlmeier, Herbert Dorfmann, Martin Schirdewan, Helmut Scholz, Andreas Glück

Tuarascáil

A9-0154/2024

Kira Marie Peter-Hansen

Lena leasaítear Treoir 2014/49/AE a mhéid a bhaineann le raon feidhme árachais taiscí, úsáid cistí scéimeanna ráthaithe taiscí, comhar trasteorann agus trédhearcacht (COM(2023)0228 – C9-0133/2023 – 2023/0115(COD))

Togra le haghaidh Treoir**Aithris 45**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(45) Le Treoir 2014/49/AE, ceadaítear do na Ballstáit SCI a aithint mar scéim ráthaithe taiscí má chomhlíonann sé na critéir a leagtar síos in Airteagal 113(7) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus má chomhlíonann sé Treoir 2014/49/AE. Chun samhail ghnó shonrach na SCInna sin a chur san áireamh, go háirithe ábharthacht beart coisctheach i gcoílár a sainordaithe, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir leis an bhféidearthacht **go gceadódh na Ballstáit do SCInna oiriúnú do na coimirct nua maidir le cur i bhfeidhm beart coisctheach laistigh de thréimhse 6 bliana. Leis an tréimhse chomhlíontachta sin a d'fhéadfadh a bheith níos faide, cuirtear san áireamh an amlíne chun ciste leithscartha a thiomargadh chun críoch SCI seachas críocha árachais taiscí mar a chomhaontaítear idir an Banc Ceannais Eorpach, an t-údarás inniúil náisiúnta agus na SCInna ábhartha.**

(45) Le Treoir 2014/49/AE, ceadaítear do na Ballstáit SCI a aithint mar scéim ráthaithe taiscí má chomhlíonann sé na critéir a leagtar síos in Airteagal 113(7) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus má chomhlíonann sé Treoir 2014/49/AE. Chun samhail shonrach ghnó na SCInna sin a chur san áireamh, go háirithe ábharthacht na mbeart coisctheach atá i gcoílár an tsainordaithe **agus a bhfeidhmiú cruthaithe le héifeachtaí dearfacha ar mhúinín na dtaisceoirí agus ar chobhsaíocht airgeadais**, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir leis an bhféidearthacht atá ag na Ballstáit **chun na forálacha faoi seach i dTreoir 2014/49/AE a choinneáil. Ní mór forálacha Threoir 2014/49/AE a léirmhíniú i bhfianaise na gcoinníollacha a leagtar amach in Airteagal 113(7) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ionas nach dtiocfaidh ceanglais Airteagal 11 agus Airteagail 11a go 11e de Threoir 2014/49/AE salach ar na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 113(7) de**

Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.

Or. en